Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

2022/2146(INI)

16.5.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar athchóiriú breise ar rialacha cánachais corparáide
(2022/2146(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Isabel Benjumea Benjumea

PR_INI

ACHOIMRE

Leathanach

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 10

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar athchóiriú breise ar rialacha cánachais corparáide
(2022/2146(INI))

Tá *Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do Threoir 2003/49/CE ón gComhairle an 3 Meitheamh 2003 maidir leis an gcóras coiteann cánachais is infheidhme ar íocaíochtaí úis agus ríchíosa arna ndéanamh idir cuideachtaí comhlachaithe Ballstát éagsúil (an Treoir maidir le hÚs agus Ríchíosanna)[1],

– ag féachaint do Threoir 2011/96/AE ón gComhairle an 30 Samhain 2011 maidir le córas comhchoiteann cánach is infheidhme i gcás máthairchuideachtaí agus fochuideachtaí as Ballstáit difriúla (an 'Treoir maidir le Máthairchuideachtaí agus Fochuideachtaí')[2],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2016/1164 ón gComhairle an 12 Iúil 2016 lena leagtar síos rialacha i gcoinne cleachtais seachanta cánach a mbíonn tionchar díreach acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh (an 'Treoir i gcoinne Seachaint Cánach' nó 'ATAD I')[3] agus Treoir (AE) 2017/952 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2017 lena leasaítear Treoir (AE) 2016/1164 a mhéid a bhaineann le neamhréireanna hibrideacha le tríú tíortha ('ATAD II')[4],

– ag féachaint do Threoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (an Treoir maidir le Comhar Riaracháin i réimse an Chánachais nó DAC 1)[5], Treoir 2014/107/AE ón gComhairle an 9 Nollaig 2014 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le malartú faisnéise uathoibríoch éigeantach i réimse an chánachais (DAC 2)[6], Treoir (AE) 2015/2376 ón gComhairle an 8 Nollaig 2015 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le huathmhalartú éigeantach faisnéise i réimse an chánachais (DAC 3)[7], Treoir (AE) 2016/881 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2016 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le huathmhalartú éigeantach faisnéise i réimse an chánachais (DAC 4)[8], Treoir (AE) 2016/2258 ón gComhairle an 6 Nollaig 2016 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le rochtain ar fhaisnéis faoin bhfrithsciúradh airgid ag údaráis chánach (DAC 5)[9], Treoir (AE) 2018/822 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le malartú faisnéise uathoibríoch éigeantach i réimse an chánachais i ndáil le socruithe intuairiscithe trasteorann (DAC 6)[10], agus Treoir (AE) 2021/514 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena leasaítear Treoir

[1] IO L 157, 26.6.2003, lch. 49.
[2] IO L 345, 29.12.2011, lch. 8.
[3] IO L 193, 19.7.2016, lch. 1.
[4] IO L 144, 7.6.2017, lch. 1.
[5] IO L 64, 11.3.2011, lch. 1.
[6] IO L 359, 16.12.2014, lch. 1.
[7] IO L 332, 18.12.2015, lch. 1.
[8] IO L 146, 3.6.2016, lch. 8.
[9] IO L 342, 16.12.2016, lch. 1.
[10] IO L 139, 5.6.2018, lch. 1.

2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (DAC 7)[11],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2017/1852 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2017 maidir le sásraí réitigh díospóidí cánach san Aontas Eorpach (Treoir AE um Réiteach Díospóidí)[12],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2021/2101 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2021 lena leasaítear Treoir 2013/34/AE maidir le nochtadh faisnéise faoi cháin ioncaim ag gnóthais agus brainsí áirithe (an Treoir um Thuairisciú de réir Tíre)[13],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí fiontar ilnáisiúnta agus do ghrúpaí intíre ar mhórscála san Aontas (Treoir Cholún a Dó)[14],

– ag féachaint do na tograí ón gCoimisiún atá le glacadh, go háirithe maidir le Comhbhonn don Cháin Chorparáide (COM(2016)0685), Comhbhonn Comhdhlúite don Cháin Chorparáide (COM(2016)0683) agus pacáiste cánachais dhigitigh (COM(2018)0147 agus COM(2018)0148), chomh maith le seasaimh na Parlaiminte maidir leis na tograí sin,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Iúil 2020 dar teideal ‘An action plan for fair and simple taxation supporting the recovery strategy’ [Plean Gníomhaíochta le haghaidh cánachas cothrom agus simplí a thacaíonn leis an straitéis téarnaimh] (COM(2020)0312),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2021 dar teideal ‘Business taxation for the 21st century’ [Cánachas Gnó don 21ú hAois] (COM/2021/0251),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2021 le haghaidh treoir ón gComhairle maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas (COM(2021)0823), chomh maith le seasamh na Parlaiminte maidir leis an togra sin[15],

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 6 Nollaig 2022,

– ag féachaint don staidéar ón gCoimisiún ó mhí Eanáir 2022 dar teideal ‘costais chomhlíonta cánach do FBManna — Nuashonrú agus comhlánú: tuarascáil chríochnaitheach,

– ag féachaint don tuarascáil ar thoradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, agus do rún ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Bealtaine 2022 maidir leis an obair leantach

[11] IO L 104, 25.3.2021, lch. 1.
[12] IO L 265, 14.10.2017, lch. 1.
[13] IO L 429, 1.12.2021, lch. 1.
[14] IO L 328, 22.12.2022, lch. 1.
[15] IO C 479, 16.12.2022, lch. 89.

ar an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa[16],

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2022 le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le rialacha a leagan síos i dtaca le liúntas um chlaontacht fiachais-cothromais a laghdú agus i dtaca le hin-asbhainteacht úis a theorannú chun críocha cánach ioncaim corparáidí (COM(2022)0216),

– ag féachaint don iarraidh ón gCoimisiún ar fhianaise le haghaidh measúnú tionchair an 13 Deireadh Fómhair 2022 ar an togra le haghaidh treoir ón gComhairle maidir le Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachais Ioncaim (BEFIT),

– ag féachaint don óráid ó Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen ag seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis na hullmhúcháin do chruinniú na Comhairle Eorpaí an 20-21 Deireadh Fómhair 2022

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Márta 2023 dar teideal ‘Long-term competitiveness of the EU: looking beyond 2030’ [Iomaíochas fadtéarmach AE: ag breathnú tar éis 2030] (COM(2023)0168),

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 23 Márta 2023,

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Deireadh Fómhair 2021 maidir le beartas an Aontais i dtaca le cleachtais chánach dhíobhálacha a athchóiriú (lena n-áirítear an Mheitheal um an gCód Iompair a athchóiriú)[17],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Feabhra 2022 maidir le tionchar na n-athchóirithe cánach náisiúnta ar gheilleagar AE[18],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Márta 2022 maille le moltaí don Choimisiún maidir le cánachas cothrom simplí lena dtacaítear leis an straitéis téarnaimh (obair leantach de chuid Pharlaimint na hEorpa ar Phlean Gníomhaíochta mhí Iúil ón gCoimisiún agus ar na 25 thionscnamh a ghabhann leis i réimse CBL, agus cánachas gnólachtaí agus cánachas daoine aonair)[19],

– ag féachaint do rún uaithi an 4 Deireadh Fómhair 2022 dar teideal ‘Impact of new technologies on taxation: cryprto and blockchain: [Tionchar na dteicneolaíochtaí nua ar chánachas: criptea-airgeadra agus blocshlabhra][20],

– ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) an 19 Iúil 2013 maidir le Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (BEPS),

– ag féachaint do thuarascálacha críochnaitheacha ECFE/G20 BEPS i mí Dheireadh Fómhair 2015,

[16] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0141.
[17] IO C 132, 24.3.2022, lch. 167.
[18] IO C 342, 6.9.2022, lch. 14.
[19] IO C 347, 9.9.2022, lch. 211.
[20] IO C 132, 14.4.2023, lch. 15.

– ag féachaint don ráiteas ó Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le BEPS an 8 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal ‘Two-Pillar Solution to Address the Tax Challenges Arising from the Digitalisation of the Economy’ [Réiteach Dhá Cholún chun Aghaidh a thabhairt ar na Dúshláin Chánach a eascraíonn as Digitiú an Gheilleagair], ar tháinig 138 gcomhalta isteach ann agus ar chomhaontaigh 138 gcomhalta leis amhail ón 16 Nollaig 2022,

– ag féachaint do na tuarascálacha ar Threoirphleananna Cholún a hAon agus Cholún a Dó a ghlac Creat Cuimsitheach ECFE/G20 an 14 Deireadh Fómhair 2020, agus do thorthaí anailís eacnamaíoch agus measúnú tionchair ECFE an 12 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal ‘Tax Challenges Eising from Digitalisation — Economic Impact Assessment’ [Dúshláin Chánach a eascraíonn as an Digitiú — Measúnú Tionchair Eacnamaíoch],

– ag féachaint do rialacha samhla Cholún a Dó de Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le BEPS an 20 Nollaig 2021 le haghaidh cur chun feidhme intíre 15 % de cháin íosta dhomhanda,

– ag féachaint do Dhlí Poiblí na Stát Aontaithe 117-169 an 16 Lúnasa 2022, ar a dtugtar an tAcht um Laghdú Boilscithe,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0000/2023),

A. de bhrí go bhfuil sé de shaoirse ag na Ballstáit a mbeartais eacnamaíocha féin a chinneadh, go háirithe a mbeartais chánach féin laistigh de theorainneacha Chonarthaí AE; de bhrí, cé go bhfuil an beartas cánach fós ina fhreagracht ar na Ballstáit den chuid is mó, go n-éilíonn an margadh aonair comhordú maidir le beartas cánach a shocrú chun comhtháthú an mhargaidh aonair a chur chun cinn;

B. de bhrí go bhfuil cuideachtaí Eorpacha ag dul i ngleic le dúshláin mhóra mar thoradh ar na drochstaideanna eacnamaíocha agus sóisialta atá ann faoi láthair;

C. de bhrí gur éirigh le plean gníomhaíochta BEPS comhdhearcadh domhanda a bhunú maidir le go leor saincheisteanna maidir leis an gcomhrac i gcoinne na pleanála ionsaithí cánach;

D. de bhrí gur thug AE dea-shampla agus comhaontuithe idirnáisiúnta á dtrasuí ina líon ard treoracha cánach lena bhfeabhsaítear comhordú agus comhrac AE i gcoinne na pleanála ionsaithí cánach;

E. de bhrí, amhail ón 16 Nollaig 2022, gur tháinig 138 stát, lena n-áirítear Ballstáit uile AE, ar chomhaontú maidir leis an gcóras idirnáisiúnta cánach a athchóiriú trí réiteach dhá cholún;

F. de bhrí go gcruthaíonn ilroinnt an bheartais cánach bacainní éagsúla do shaoránaigh

agus do chuideachtaí sa mhargadh aonair, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna); de bhrí go ndéantar gníomhaíocht eacnamaíoch trasteorann a dhíspreagadh leis na constaicí sin agus gur féidir leo an margadh aonair a shaobhadh;

G. de bhrí go bhfágann an chlaontacht fiachais-chothromais i gcánachas corparáideach gur féidir asbhaintí flaithiúla cánach a dhéanamh ar íocaíochtaí úis; de bhrí nach féidir costais um maoiniú cothromais a asbhaint ar bhealach comhchosúil;

1. á mheabhrú nach sprioc ann féin é Ballstáit AE atá ag comhoibriú ar chánachas corparáideach, ach gur uirlis é chun an margadh aonair a chomhlánú, a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh;

2. á chur in iúl gur geal léi na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23 Márta 2023 ina n-iarrtar go ndéanfaí an timpeallacht rialála ghinearálta a shimpliú agus go laghdófaí an t-ualach riaracháin, agus an teachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Márta 2023 ina gcuirtear i bhfios go láidir go bhfuil creat cánach AE ríthábhachtach chun tacú le fás agus infheistíocht phríobháideach, go háirithe trí bhacainní cánach ar infheistíocht trasteorann a bhaint;

3. á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach aistriú ionsaitheach brabúis a chomhrac agus cothroime fhioscach, trédhearcacht agus cinnteacht á gcur chun cinn ag an am céanna, agus cánacha a choinneáil ar leibhéil lena dtacaítear le fás eacnamaíoch inbhuanaithe ag an am céanna;

4. á thabhairt dá haire go raibh an iliomad treoracha cánach ó 2011 i leith a bhfuil cánachas corparáideach níos cothroime, níos simplí agus níos éifeachtaí in AE mar thoradh orthu, agus líon ard oibleagáidí comhlíonta cánach ar chuideachtaí laistigh den Aontas[21];

5. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil treoracha cánach curtha chun feidhme agus curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit ar bhealach éagsúil, rud a bhaineann an bonn d'fheidhmiú cuí an mhargaidh aonair agus a fhágann mí-ailíniú sna boinn chánach, níos mó maorlathais agus costais chomhlíonta níos airde;

An t-ualach comhlíonta ar chuideachtaí an Aontais a laghdú

6. á thabhairt dá haire go meastar gurb ionann na costais a bhaineann le comhlíonadh cánach a bhíonn ar fhiontair mhóra ilnáisiúnta agus thart ar 2 % de na cánacha a íoctar, agus i gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), gurb ionann an meastachán sin agus thart ar 30 % de na cánacha a íoctar; á mheabhrú gurb iad cuideachtaí na hEorpa, go háirithe FBManna, an dream is mó a chothaíonn fás eacnamaíoch agus a chruthaíonn poist;

7. á iarraidh ar an gCoimisiún meastóireacht fhoriomlán a thíolacadh ar na gníomhaíochtaí a rinneadh maidir le cánachas corparáideach ó 2011 i leith agus an t-ualach ar ghnólachtaí a laghdú láithreach trí mhoratóir rialála a agairt agus trí mhoill a chur ar na

[21] Féach go háirithe na Treoracha i gcoinne Seachaint Cánach (ATAD I agus ATAD II), na leasuithe ar an Treoir maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (DAC 1 go DAC 7), an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Máthairchuideachtaí agus Fochuideachtaí, Treoir an Aontais maidir le Réiteach Díospóidí, an Treoir maidir le Tuairisciú Poiblí de réir Tíre, nó an Treoir maidir le Colún a Dó.

gníomhartha cánach sin a chuirfeadh leis na costais do ghnólachtaí atá faoi bhrú cheana féin gan ghá; á iarraidh ar an gCoimisiún seiceálacha iomaíochais a dhéanamh le haghaidh tograí reachtacha nua cánach, mar a d'iarr an Chomhairle Eorpach le haghaidh gach togra nua an 22 Márta 2023;

8. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa an 9 Bealtaine 2022 maidir le seiceáil iomaíochais chun anailís a dhéanamh ar thionchar, i measc nithe eile, na reachtaíochta cánach nua ar chuideachtaí agus ar a dtimpeallachtaí gnó; ag fanacht go mífhoighneach le cur chun feidhme an fhógra ó Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen an 19 Deireadh Fómhair 2022 lena dtugtar isteach seiceáil chaighdeánach ar iomaíochas i rialachán an Aontais;

9. á thabhairt dá haire go bhuil an díospóireacht maidir le dreasachtaí cánach tar éis Ghníomh um Laghdú Boilscithe na Stát Aontaithe athnuaite; á iarraidh ar an gCoimisiún tástáil maidir le creidmheasanna cánach a cheadú; ag áitiú, mar sin féin, gur cheart gach cinneadh a dhéanamh ar bhealach comhordaithe chun feidhmiú an mhargaidh aonair a chaomhnú;

10. á iarraidh ar na Ballstáit páirt a ghlacadh i mbeartais maidir le hinfheistíochtaí caipitil a chaitheamh go hiomlán agus forálacha maidir le liúntais chaipitil a dhéanamh buan chun infheistíochtaí réadacha a fheabhsú agus chun cabhrú le hiomaíochas na hEorpa;

11. á iarraidh ar na Ballstáit, i bhfianaise rátaí arda boilscithe, an t-ioncam breise atá bunaithe ar phraghsanna fuinnimh níos airde a úsáid go díreach chun an t-ualach ar chuideachtaí, go háirithe FBManna, a mhaolú;

Comhaontú Cholún a Dó

12. á thabhairt dá haire gur thángthas ar an réiteach dhá cholún ag Creat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le cearta cánach a leithdháileadh agus íosráta cánach éifeachtach 15 % a chur i bhfeidhm ar bhrabúis dhomhanda na bhfiontar ilnáisiúnta;

13. á thabhairt faoi deara, chomh maith le déileáil le timpeallacht ghnó luaineach agus le líon méadaitheach de threoracha cánach AE, go bhfuil cuideachtaí ag díriú ar a n-acmhainní airgeadais agus daonna ar rialacha Cholún a Dó a chur i bhfeidhm; á iarraidh ar an gCoimisiún spás análaithe a thabhairt do chuideachtaí agus a ndóthain ama a thabhairt dóibh chun ullmhú do na rialacha nua BEFIT a d'fhéadfadh a bheith ann;

I dtreo córas cánach corparáide simplithe

14. á iarraidh ar an gCoimisiún na Ballstáit uile a threorú i dtreo córas cánach simplithe chun an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí, go háirithe FBManna, a laghdú; ag aithint gur réitigh eile iad nósanna imeachta aisíocaíochta, asbhaintí agus dlíthíocht a shimpliú chun an t-ualach riaracháin a laghdú, go háirithe do FBManna;

15. á mheabhrú go gcuidíonn simpliú chastacht an chreata dhlíthiúil do chórais chánach corparáide le hinfheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh agus go laghdaítear an baol go n-athlonnódh cuideachtaí chuig tíortha nach bhfuil san Aontas;

16. á chur in iúl gur geal léi plean an Choimisiúin obair a dhéanamh ar thogra BEFIT, a

bhfuiltear ag súil leis sa tríú ráithe de 2023, d'fhonn leabhar rialacha nua aonair de chuid an Aontais maidir le cáin chorparáide a cheapadh, bunaithe ar chionroinnt fhoirmlithe chothrom, chuimsitheach agus éifeachtach agus ar bhonn comhchoiteann cánach ioncaim do ghnólachtaí, lena gcuirfear soiléireacht agus intuarthacht ar fáil do chuideachtaí;

17. ag athdhearbhú go measann sí gur cheart go dtacódh an próiseas polaitiúil le tionscnamh BEFIT chun tacaíocht pholaitiúil a fhorbairt don athrú agus gur cheart measúnú tionchair críochnúil a bheith ag gabháil leis an tionscnamh;

18. á thabhairt dá haire gurb ann do chuspóirí BEFIT, mar a tugadh aghaidh orthu sa ghlao ón gCoimisiún ar fhianaise ar mheasúnú tionchair, athléimneacht gnólachtaí a mhéadú trí chastacht na rialacha cánach agus na costais chomhlíonta a bhíonn ar ghnólachtaí AE a bhfuil oibríochtaí trasteorann acu a laghdú, bacainní ar infheistíocht trasteorann a bhaint agus an margadh aonair a dhéanamh níos tarraingtí don infheistíocht idirnáisiúnta, timpeallacht a chruthú atá fabhrach d'fhás cothrom agus inbhuanaithe tríd an mbealach a réiteach do shimpliú riaracháin, agus ioncam cánach inbhuanaithe a sholáthar, rud atá tábhachtach go háirithe sa timpeallacht eacnamaíoch dhúshlánach atá ann faoi láthair;

19. á thabhairt chun suntais gurb ann don smaoineamh go mbeadh ionad ilfhreastail ann lena gceadaítear tuairisceán cánach comhdhlúite amháin a chomhdú; á iarraidh ar an gCoimisiún ionad ilfhreastail a thabhairt isteach chun rialacha BEFIT a chur i bhfeidhm i gcéim tástála agus é a ionchorprú mar ghné bhuan de BEFIT má éiríonn leis an gcéim tástála;

20. á thabhairt dá haire an togra ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2022 lena dtugtar aghaidh ar chlaontacht fiachais-cothromais; á chur in iúl gur saoth léi cinneadh ón gComhairle an 6 Nollaig 2022 an scrúdú ar an togra a chur ar fionraí; á iarraidh ar an gComhairle tús a chur an athuair leis an gcaibidlíocht maidir leis an togra sin;

21. á thabhairt chun suntais go bhféadfaidh dreasachtaí cánach arna gcur i bhfeidhm ar bhealach atá freagrach go fioscach agus a bhaineann leis an taighde agus an fhorbairt phríobháideach (e.g. trí chreidmheasanna cánach, liúntais fheabhsaithe nó sceidil dímheasa choigeartaithe) a bheith ina gcuidiú le caiteachas foriomlán geilleagair ar thaighde agus forbairt a mhéadú, agus go mbíonn seachtrachtaí dearfacha ag gabháil leis sin go minic; á mheabhrú go raibh caiteachas corparáideach ar thaighde agus ar fhorbairt cothrom le 1.5 % de OTI AE in 2020, i gcomparáid le 2.6 % sna Stáit Aontaithe agus sa tSeapáin, de réir thuarascáil infheistíochta 2022/2023 ón mBanc Eorpach Infheistíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú ar dhreasachtaí cánach don taighde agus forbairt phríobháideach a thíolacadh;

°

° °

22. á threorú dá hUachtarán an rún sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Chuir paindéim COVID-19 agus ionsaí na Rúise ar an Úcráin ina diaidh brú ollmhór ar ghnólachtaí Eorpacha i bhfoirm boilsciú ard, fo-éifeachtaí dianghlasála, fadhbanna sa slabhra soláthair agus ganntanas amhábhar. Is ualach breise iad na bacainní sin ar earnáil phríobháideach an Aontais, earnáil a raibh costais arda chomhlíonta os a comhair cheana féin tar éis reachtaíocht chánach an Aontais san am a chuaigh thart.

Tá iarmhairtí an dá ghéarchéim sin díobhálach go háirithe do FBManna Eorpacha, agus is iad is cúis le beagnach gach fiontar san earnáil ghnó neamhairgeadais de chuid an Aontais Eorpaigh (AE-28) (99.8 %) agus tá dhá thrian d'fhostaíocht iomlán AE-28 (66.6 %) faoi mhíbhuntáiste iomaíoch mar gheall ar chostais chomhlíonta níos airde i gcomparáid le FINanna agus an claonadh cothromais fiachais.

Chun tacú le hiomaíochas cuideachtaí Eorpacha, go háirithe FBManna, tá an rapóirtéir den tuairim:

- Ba cheart an t-ualach rialála ar ghnólachtaí Eorpacha a mhaolú láithreach trí mhoratóir rialála a fhorfheidhmiú agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí a rinneadh roimhe seo ar chánachas corparáideach sula molfaí reachtaíocht nua. Tá sé tábhachtach an 'seiceáil iomaíochais' a chur san áireamh, mar a mhol an seisiún iomlánach den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus ina dhiaidh sin Uachtarán an Choimisiúin agus an Chomhairle Eorpach. D'fhéadfadh an t-ioncam breise ó cháin a ghintear ó phraghsanna fuinnimh teannta tionchar na rátaí arda boilscithe atá ann faoi láthair a mhaolú.

- Ba cheart úsáid faoisimh cánach agus dreasachtaí eile a bhreithniú chun tacú le hiomaíochas gnólachtaí Eorpacha faoi láthair agus amach anseo. Mar sin féin, ba cheart an cinneadh maidir leis na bearta tacaíochta sin a thabhairt isteach a dhéanamh ar bhealach comhordaithe i measc na mBallstát gan feidhmiú an mhargaidh aonair a chur i mbaol.

- Is é an rud is tábhachtaí chun an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí Eorpacha a laghdú, go háirithe FBManna, dul i dtreo córas cánach simplithe. Ba cheart don Choimisiún treoir a thabhairt do na Ballstáit i dtreo na nósanna imeachta aisíocaíochta, na n-asbhaintí agus na dlíthíochta a shimpliú. Leis an laghdú ar an ualach rialála, méadófar athléimneacht cuideachtaí Eorpacha, spreagfar infheistíochtaí idirnáisiúnta, agus cruthófar timpeallacht atá fabhrach d'fhás cothrom inbhuanaithe.

- I bhfianaise an togra BEFIT atá ar na bacáin agus i bhfianaise chur chun feidhme rialacha Cholún II ECFE, ba cheart don Choimisiún cur chun feidhme na bpacáistí rialála sin a leagan amach chun an spás análaithe is gá a sholáthar do ghnólachtaí Eorpacha agus chun ullmhú don tírdhreach rialála atá ag athrú.